

- | | |
|---|---|
| 1. Cad a rinne tú i rith na seachtaine? | What did you do during the week? |
| 2. An bhfuil sean-phictiúir agat de do mhuintir fadó? | Do you have old pictures of your family long ago? |
| 3. Ar bhreathnaigh tú riamh ar scannán a rinneadh fadó? | Did you ever watch a film that was made long ago? |
| 4. An ndearna tú féin grianghrafadóireacht nó scannánaíocht riamh? | Did you ever do photography or filming? |
| 5. Cén saghas ealaíne a thaitníonn leat? | What kind of art do you like? |

Na Lumière Gaelacha – TG4

1. I bhfad, i bhád siar, tráth go raibh Éire fós faoi choróin Shasana, bhí triúr deartháireacha óga, fiosracha, cruthaíocha, ina gcónaí i mbaile beag cois farraige darbh ainm Eochail.
2. Deireadh na naoú haoise déag a b'ea é, aois órga na teicneolaíochta agus an nuálaíochta.
3. Agus bheadh an triúr deartháireacha seo ag gcoíllár na teicneolaíochta nua grianghrafadóireachta agus scannánaíochta a bhí á fhorbairt ar fud na mór-roinne.
4. Chaith na fir óga a gcuid ama ag tógaint is ag ionramháil lóchrann, lampaí agus ceamaraí agus ag cur a gcomharsan féin ar an scáileán mór.
5. Eochail, ar aon dul le Páras nó fiú Hollywood féin.
6. Má bhí a saothar ligthe i ndea-rud, caillte, lonraíodh solas arís air agus é aitheanta anois ar cheann de na cnuasaí grianghrafadóireachta agus scannánaíochta is sine agus is tábhachtai in Éirinn.
7. Cérbh iad na fiontraithe forásacha seo – na deartháireacha Uí Argáin. Na Lumière Gaelacha. Ach, fan, bí romhainn.
8. Tosnaíonn ár scéal sna 1890's (hocht déag nóchaidí) ina mbaile dúchais, Eochail, áit inar tháinig na buachaillí chruthaíochta seo, Thomas, James agus Philip Horgan, lena n-athair agus lena máthair

The Irish Lights – TG4

- Long, long ago, when Ireland was still under English rule, there were three young, curious, creative brothers living in a small town by the sea, Youghal.
- It was the end of the nineteenth century, the golden age of technology and innovation.
- And these three brothers would be at the center of the new technology of photography and filmmaking that was developing all over the continent.
- The young men spent their time building and messing with lanterns, lamps and cameras and putting their own neighbors on the big screen.
- Youghal, on a par with Paris, or even Hollywood.
- If their work was forgotten and lost, light would shine on it again and it is now known as one of the oldest and most important collections of photography and film in Ireland.
- Who were these advanced developers – the Horgan brothers. The Irish Lights. But, wait, we're ahead of ourselves.
- Our story begins in the 1890s in their hometown, Youghal, where these creative boys, Thomas, James and Philip Horgan came with their father and mother.

9. Elizabeth, bean Huguenot, lena raibh cónaí orthu, Elizabeth Hennessy, agus phós sí mo shin-shin-shean-athair, Timothy Horgan, Ted is dóigh a tugadh air.
Elizabeth, a Huguenot woman, who they lived with, Elizabeth Hennessy, and she married my great-great-grandfather, Timothy Horgan. I think he was called Ted.
10. Gréasaí bróg a bhí i Ted. Bhí ainm maith aige ag déanamh brógaí, buataisí ag dul go *cavalry officers*. Suas go dtí, an cos ar fad.
Ted was a shoemaker. He had a good name for making shoes, boots for cavalry officers. Up to the, the whole leg.
11. Bhí sé sin ana-chruadh a dhéanamh, bhí *templates* ag teastáil agat. B'in é dosaen *templates* i gcóir an rud ar fad.
That was very hard to do; you needed templates. That was a dozen templates for the whole thing.
12. Bhí saol den scoth ag na buachaillí agus a rogha eachtraíochta i mbaile na hEochaille.
Life was good for the boys and they had lots of adventure in Youghal.
13. Nuair a féachaimid siar sa stair, uaireanta braithimid go bhfuil Éire i gcónaí ana-thraidisiúnta, ana-choimeádach.
When we look back in history, sometimes we feel that Ireland has always been very traditional, very conservative.
14. Agus, b'fhéidir go bhfuil cuid den fhirinn ansan, ach nuair a féachann tú ar na deartháireacha agus Eochail agus an áit a rabhadar ag cur fúthu an t-am ar fad, is saghas áit speisialta é ar slí, áit difriúil é.
And perhaps there is some truth there, but when you look at the brothers and Youghal and the place where they lived the whole time, it's a sort of special play in a way, it's a different place.
15. Tánn tú in aice leis an gcósta, tá an ché ann, tá na báid ag teacht isteach, tá margaíocht ar siúl, tá, fiú, tá turasóireacht ar siúl isteach don áit mar tá trá álainn ann agus ...
You are near the coast, the quay is there, the boats are coming in, the market is going on, there is, even, tourism coming into the place because there is a beautiful beach there and ...
16. *You know*, in Éirinn, don am, is áit saghas oscailte is ea Eochail.
You know, in Ireland, for the time, Youghal is a somewhat open place.
17. Ag an am, agus iad ag fás aníos, bhí saghas an braistint ann, go maireadh an impireacht go deo agus níorbh aon tír eile tar éis éirí amach agus a bhuachaint ar na Sasanaigh in aon slí.
At the time, as they were growing up, there was a kind of feeling there, that the empire would last for ever and there wasn't any country that had risen up and beaten the English in any way.

- | | |
|---|--|
| 18. Gan aon tnúth leis, bhuaileadh taom trom na tragóide ar theaghlach Uí Argáin. | Unexpectedly, the heavy blow of tragedy hit the Horgan family. |
| 19. Bhí sé thart ar ocht déag ochtó a sé nuair a fuair Tim bás. | It was around eighteen eighty six when Tim died. |
| 20. Taom croí is dóigh, agus bhí sé thart ar caoga bliain d'aois. | It was probably a heart attack and he was around fifty years old. |
| 21. Agus bhí na <i>leads</i> thart ar ocht, agus deich agus aon bhliain déag, <i>so</i> , bhí siad an-óg. | And the lads were around eight, and ten, and eleven years old, so, they were very young. |
| 22. Ní raibh aon airgead ag Elizabeth, ní riabh a fhois aici céard a dhéanadh sí. | Elizabeth didn't have any money; she didn't know what she would do. |
| 23. An scéal atá ann gur tháinig na <i>leads</i> abhaile ón scoil agus ní raibh aon dinnéar ar bith dóibh. | The story is that the lads came home from school and there wasn't any dinner at all for them. |
| 24. Agus an tríú lá ní raibh rud ar bith agus bhí a fhios acu go mbeadh orthu dul go teach na mbocht ina dhiaidh sin. | And the third law there wasn't anything and they knew that they would have to go to the poorhouse after that. |
| 25. Sa naoú haoise déag is saghas, fós, tá macalla an Ghorta Mhóire ar an tír agus ar an mórmhór, saghas daonra, saghas bocht ar Éirinn. | In the nineteenth century it's like, still, there is the echo of the Great Famine on the country, and the majority, of like, the population, somewhat poor in Ireland. |
| 26. Agus bhíodar go léir ag braithint ó lá go lá, ó sheachtain go seachtain, ó bhliain go bliain agus aon tubaist in aon chor d'fhéadadh siad titim agus a bheith i dtrioblóid. | And they were all dependent, from day to day, from week to week, from year to year, and any disaster at all they could fall and be in trouble. |
| 27. Agus ansan tá, <i>like</i> , dhá rogha agat, an lucht amach nó an <i>workhouse</i> . | And then there is, like, two choices for you, to go overseas or to the workhouse. |
| 27. Agus tigh na mbocht ag glaoch, bhí tuairim ag Elizabeth go raibh bonn airgead, <i>sovereign</i> , b'fhéidir, curtha i bhfolach sa bhaile ag a fear céile. | With the workhouse calling, Elizabeth thought that there was a silver coin, a sovereign, perhaps, hidden in the house by her husband. |
| 28. Tháinig James ar ais ón scoil agus bhí argóint aige le hElizabeth. | James came back from school and he had an argument with Elizabeth. |

- | | |
|--|---|
| 29. Rith James amach an doras cúil agus thit sé agus ansin chonaic sé an t-airgead san áit seo a chuir Tim i bhfolach é. | James ran out the back door and he fell and he saw the money in this place that Tim hid it. |
| 30. D'aithrigh saol na triúr <i>leads</i> agus Elizabeth go deo. | The lives of the three lads and Elizabeth changed forever. |

Ceisteanna

1. Cá raibh na buachaillí ina gcónaí?
2. Cén baint a bhí ag na buachaillí lena chéile?
3. Cad a dhéanfadh na buachaillí agus iad fásta suas?
4. Cérbh iad Ted agus Elizabeth?
5. Cad a rinne Ted mar obair?
6. Cad a tharla do Thed?
7. Cén aois a bhí na buachaillí ag an am?
8. Ar bhean saibhir í Elizabeth?
9. Cad a bhí i ndán dóibh murach airgead a bheith acu?
10. Cad a fuair James?

Questions

- Where did the boys live?
- What connection did the boys have with each other?
- What would the boys do when they were grown up?
- Who were Ted and Elizabeth?
- What did Ted do for work?
- What happened to Ted?
- How old were the boys at the time?
- Was Elizabeth a rich woman?
- What was in store for them if they didn't have money?
- What did James find?